Fios fátha an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta

**Seisiún a Dó**
Ón spás slán go spás cróga

**Seisiún a Trí**
Ceacht OCG atá éifeachtach a phleanáil





**Seisiún a Ceathair:**
Ag freagairt do cheisteanna scoláirí

**Seisiún a Cúig**
Ceacht múnlú

**Seisiún a Sé**
Cur Chuige i leith machnaimh agus léiriú foghlama

# Nascanna le lá 1



**Dréimire:** Cad atá curtha de ar lá 1 agat?

**Droichead:** Cad iad na ceangail a rinne tú?

**Fuinneog:** Cad is soiléire a fheiceann tú anois?

# Comharthaí



Comhrá



Briseadh is Breacadh



Obair i ngrúpaí



Athmhacnamh

# Forléargas ar Lá 2

Oide

| | |
|---|---|
| **Seisiún 4** | **Intreoirí ceachtanna**<br>• Tacú le teorannacha an tseomra ranga<br>• Tús a chur le cúrsaí a bhaineann le sláinte ghnéis agus le feidhmiú ghnéis<br>• Intreoirí i gcomhair ceachtanna OSPS/OCG a phleanáil |
| **Sos**<br>**11:00 – 11:15** | |
| **Seisiún 5** | **Múnlú ceachta**<br>• Intreoir agus Forbairt i gcás eiseamláir de cheacht<br>• Anailísiú ar an gCeacht<br>• Pleanáil le haghaidh forbairt foghlama i gcás ceachtanna OSPS/OCG |
| **Lón**<br>**13:00 – 14:00** | |
| **Seisiún 6** | **Cuir chuige maidir le hathmhachnamh agus le léiriú foghlama**<br>• Pleanáil le haghaidh athmhachnamh i gcás ceachtanna OSPS/OCG<br>• Measúnú i gcás OSPS/OCG<br>• An plean ceachta a roinnt |

# Bristeoir Oighir : Dhá fhírinne i dteannta le bréag

1. Bíodh 2 nóiméad agat chun smaoineamh ar dhá fhírinne agus chun bréag a cheapadh maidir le do shaol. D’fhéadfadh sé a bheith simplí, mar shampla, cad as duit, an líon deirfiúracha agus deartháireacha agat, gaiscí, peataí.

2. Tá 5 cheist san iomlán ag do bhord chun an bhréag a aithint, e.g., cad iad na hainmneacha atá ar do dheirfiúracha agus dheartháireacha?

3. Tar éis don bhord an 5 cheist a chur, léireofar an bhréag dóibh.



10 nóiméad

Oide

# Seisiún 4

## Déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna



CC BY NC

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta

beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

Oide

# Fócas an tseisiúin seo

Déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

- Tacú le teorannacha an tseomra ranga
- Gníomhaíocht a úsáid chun tús a chur le cúrsaí a bhaineann le sláinte ghnéis agus le feidhmiú ghnéis
- Pleanáil an t-intreoir de cheacht OCG

# Conas tús a chur le topaic nua in OCG

Intinní Foghlama a chur i láthair

Téigh ar ais go dtí an t-aontú ranga

Teacht ar réamheolas

# Léarscáil teorannacha


Úsáid d'fhóin

Inghlactha laistigh den obair

Vápáil sa phasáiste

10 nóiméad

# Tacú le teorannacha an tseomra ranga



1

Ag Ullmhú don Teagasc

**Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?**

In OSPS/OCG, foghlaimionn páistí agus daoine óga faoi nithe tábhachtacha, agus nithe dúshlánacha ar uairibh fúthu féin agus faoi dhaoine eile. Is ábhar é lena féidir mothúcháin agus freagairtí láidre, údair imní, náire agus leochaileachta a ghiniúint, i measc mothúchán eile. Is amhlaidh dá réir ar tábhachtach do gach páiste agus duine óg go mbeadh timpeallacht shábháilte acu lena gcuid ceisteanna a chomhroinnt, le foghlaim agus le bheith rannpháirteach gan a bheith aonraithe dá bharr. (UNESCO *International technical guidance on sexuality education*, 2018, lch 96)

Is féidir an meon sábháilte sin a ghnóthú ar roinnt bealaí.

Bíonn sé tábhachtach ón tús go mbeifí soiléir faoi

1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG
2. Bunrialacha faoin gcaoi a n-oibreoidh an rang le chéile
3. Cosaint leanaí.

**1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG**

Is bunchuid de d'obair mar mhúinteoir é cothabháil na dteorainneacha gairmiúla. Is leis na teorainneacha a mhúnlaítear ár gcaidreamh le scoláirí, lena dtuismitheoirí/gcúramóirí agus lenár gcomhghleacaithe. Níl sé i gceist le cothabháil na dteorainneacha go mbeadh do chuid caidreamh fuar nó scartha. Is féidir leat caidrimh chairdiúla agus iontaofa a fhorbairt le do scoláirí, rud ar cheart duit a dhéanamh - ach cuimhnigh nach "cara" leo thú.

Bíonn sé tábhacht don mhúinteoir go léireoidís a gcineáltas agus féith a ngrinn, agus bíonn comhroinnt eispéireas saoil éigin cuiditheach uaireanta freisin. Caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach stuama, sa chaoi nach mbraitheann tú go bhfuil tú neamhchosanta, agus nach síleann na scoláirí gurb é an chaoi ina bhfreagraíonn tú do chás an t-aon bhealach lena fhuascailt. Is daoine muid ar fad agus b'fhéidir go mbainfeadh cúrsaí lenár saol (roimhe seo nó faoi láthair) a chaithfí a choinneáil scartha ónár saothar sa seomra ranga. Is éard a bhaineann le cothabháil na dteorainneacha gairmiúla go mbeifeá ag feidhmiú i gcónaí "i ról" an mhúinteora, agus go dtugann tú cosaint do do scoláirí ó nochtadh neamhchuiditheach nó míchuí do dhúshláin phearsanta/ghairmiúla nó deacrachtaí mothúchánacha féin.

Príomhghné eile de chothabháil na dteorainneacha gairmiúla is ea feasacht faoi theorainneacha do róil mar mhúinteoir, toilteanas ar do shon gan ligean ort gur saineolaí ar gach ábhar tú agus fios a bheith agat faoin uair is ceart saineolas daoine eile a fháil (i gcás údair imní faoi chosaint leanaí san áireamh).


**Ná ceap ceann scríbe do do scoláirí: Bíonn siad ar a n-aistear féin go léir agus ní féidir leat ach treoir éigin a thabhairt dóibh.**

www.curriculumonline.ie

NCCA

# Eiseamláir de struchtúr taobh thiar de cheacht éifeachtach

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
    - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
    - Measúnú



# Intreoir OCG: Cúrsaí gnéis

Leis an ngníomhaíocht seo, cuirtear téama na sláinte gnéis i láthair do scoláirí

I ngrúpaí, breacaigí síos gach focal a bhfuil ar eolas agaibh ar an téarma a leagadh oraibh.

15 nóiméad

Zón múscailte barrmhaitheasa

T.F na sraithe sinsearaí 2.1, 2.3, 2.4, 2.9



# Intreoir OCG: Feidhmiú gnéis



NCCA

OSPS na Sraithe Sóisearaí

## Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 2.9:** | Ba cheart go mbeadh an scoláire ábalta tuiscint a fháil ar na gnéithe de shláinte ghnéis, lena n áiritear torthúlacht ar fud an tsaolré, roghanna atáirgthe, feidhmiú gnéis, cleachtais ghnéis níos sábháilte, freagraí féideartha ar thoircheas neamhbheartaithe, agus an chaoi chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas maidir le sláinte ghnéis. |
| **Réamhfhoghlaim:** | Cuireann an toradh foghlama seo leis an bhfoghlaim in OSPS na Sraithe Sóisearaí agus dá bharr sin d'fhéadfadh eolas a bheith ag an scoláire ar roinnt gnéithe den tsláinte ghnéis. Cabhrófar aon athrá nach bhfuil gá leis a sheachaint má fhiosraitear an méid a d'fhoghlaim an scoláire roimhe seo. |

### Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is éard atá i gceist le sláinte mhaith ghnéis ná a chinntiú go bhfuil an t eolas, na scileanna agus an cumas ionat roghanna gnéis a dhéanamh bunaithe ar eolas, agus gníomhú go freagrach chun do shláinte féin a chosaint, chomh maith le sláinte na ndaoine eile i rith do shaoil. Tá réimse ábhar i dToradh Foghlama 2.9 agus is iad seo a leanas na hionchais foghlama:

- **Torthúlacht ar fud an tsaolré** – in OSPS na Sraithe Sóisearaí d'fhoghlaim an scoláire faoi na hathruithe fisiciúla a tharlaíonn le linn caithreachais chomh maith le sláinte mhíosta agus mhagarlach. Sa tsraith shinsearach, tá sé i gceist cur leis an bhfoghlaim sin, ionas go mbíonn tuiscint ag an scoláire ar roinnt ceisteanna a bhaineann le torthúlacht an duine agus an chaoi a mbíonn sé ina buaic agus ag meath le linn an tsaolré. Áirítear leis sin tuiscint bhunúsach ar an meanapás agus ar laghdú torthúlachta na bhfear de réir aoise.
- **Roghanna atáirgthe** – d'fhoghlaim an scoláire faoi na catagóirí difriúla frithghiniúna in OSPS na Sraithe Sóisearaí (Féach OCG 2 gníomhaíocht 10 OCG 3 gníomhaíocht 6). Bíonn gá le súil siar a chaitheamh ar an ngné eolais sa tsraith shinsearach, agus níos mó béime a leagan ar na cúinsí a mbíonn tionchar acu ar an úsáid sheasmhach, cheart.
- **Feidhmiú gnéis** – baineann feidhmiú gnéis leis an gcaoi a bhfreagraíonn an corp ag céimeanna difriúla den timthriall freagartha gnéis - mian chollaí, macnas, léibheann agus súnás. Sa tsraith shinsearach, dírítear ar thuiscint a chur chun cinn maidir leis na difríochtaí idir fiseolaíocht na mban agus na bhfear agus sa fhreagairt ghnéis, chomh maith le tuiscint go mbaineann gné fhisiciúil agus shíceolaíoch/mhothúchánach leis an bhfeidhmiú gnéis chomh maith. Ní mór an féinphléisiúr agus an ghlacaireacht a lua mar ghnáthghné shláintiúil den fhorbairt ghnéis atá tábhachtach ar chúiseanna éagsúla freisin, chun tuiscint a fháil ar do chorp féin agus ar do mhianta féin, ionas gur féidir eispéiris ghnéis thaitneamhacha a roinnt amach anseo.
- **Cleachtais ghnéis níos sábháilte** – is éard a thuigtear le gníomhaíocht ghnéis níos sábháilte ná, go bunúsach, teagmháil ghnéis chomhthola nach gcuireann duine i mbaol ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) a fháil nó toircheas neamhbheartaithe (Féach OCG 3 gníomhaíochtaí 6, 7, 8). I gcomhthéacs OSPS na Sraithe Sinsearaí, ní mór súil siar a chaitheamh ar an méid a foghlaimíodh go dtí seo agus cur leis an bplé chun smaoineamh ar chúinsí eile, a chuireann leis an tsábháilteacht mhothúchánach agus fhisiciúil araon (mar shampla, bheith i gcaidreamh iontaobhach, mothú go bhfuil duine ag tabhairt aire duit agus an cumas toiliú iomlán a thabhairt).
- **Freagraí féideartha ar thoircheas neamhbheartaithe** – ba cheart na roghanna agus tacaíochtaí atá ar fáil chun dul i ngleic le toircheas neamhbheartaithe a roinnt leis an scoláire ar bhealach fíriciúil, neamhbhreithiúnach. Níl sé oiriúnach plé a dhéanamh ar na roghanna toisc gur ceist thar a bheith íogair í seo agus d'fhéadfadh creideamh pearsanta agus luachanna láidre a bheith ag an scoláire i leith an ábhair seo. (Féach Unplanned pregnancy - My Options HSE.ie)
- **Fios a bheith agat conas rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar thacaíocht maidir le sláinte ghnéis** – cé nach mbíonn formhór na ndaoine óga gníomhach go gnéasach sula bhfágann siad an scoil, ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi na háiteanna is féidir leo faisnéis sláinte gnéis atá oiriúnach iontaofa a fháil sula mbíonn siad gníomhach go gnéasach. Má tá ionad sláinte gnéis sa cheantar, ní mór an scoláire a chur ar an eolas maidir leis sin, agus d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do ghairmí sláinte gnéis ón ionad teacht chun labhairt leis an rang faoi na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

1

T.F na sraithe sinsearaí 2.9

Aontaím

Ní Aontaím

10 nóiméad

# Intreoir OCG: Feidhmiú gnéis

T.F na sraithe sinsearaí 2.9

- Tá a bhformhór de dhaoine sásta caint ar ghlacaireacht
- Ní thiocfaidh STIanna (ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha) ort má dhéanann tú glacaireacht i d'aonair
- Ní dhéanann mná glacaireacht
- Ba cheart do dhaoine lánchead a bheith acu chun a gcinntí féin a dhéanamh maidir le glacaireacht
- Is féidir le duine foghlaim faoina chorp féin trí ghlacaireacht




10 nóiméad

# Is é do sheal anois é

Téama:

Torthaí foghlama:

**Le déanamh**

1. Aithin téama
2. Aithin torthaí foghlama
3. Roghnaigh intreoir éifeachtach
4. Cuir foghlaimeoirí L1CF/L2CF san áireamh

15 nóiméad

Oide

An rud a chuimneoidh mé ón seisiún seo ná ...



Oide



20 nóiméad




# Bristeoir Oighir

1. Ainmnigh 2 rud atá i bpáirt agat leis an té ina atá ina shuí i d'aice. (Ní leor gur múinteoirí sibh beirt)

2. Tar le chéile ag bhur mbord arís agus pléigh pé nithe a bhí i bpáirt ag a chéile.

3. Aimsigh rud amháin a bhí i bpáirt ag gach duine ag an mbord lena chéile.



10 nóiméad

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Seisiún 5

## Pléigí go gníomhach le tabhairt isteach agus forbairt cheachta



CC BY NC

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta

beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

# Fócas an tseisiúin seo

Pléigí go gníomhach le tabhairt isteach agus forbairt cheachta

- Léirigh intreoir agus forbairt cheachta
- Déan anailís ar an gceacht múnlaithe
- Pleanáil le haghaidh forbairt foghlama i gcás ceacht OCG.

# Comharthaí sóirt i gcomhair múnlú ceachta

An ceacht a léiriú





An ceacht a éascú

# Staidéar Cáis Scoile

Ceapadh an ceacht 5ú bliain le haghaidh iar-bhunscoil chomhoideachais mhór uirbeach. Tá réimse cumais i measc scoláirí an ranga agus tá an Idirbhliain curtha i gcrích ag gach scoláire. Tá éagsúlacht sa daonra scoile, rud a léiríonn an réimse leathan cúlraí acadúla, cultúrtha, sóisialta.

Díríodh ar phríomhghnéithe OCG, lena n-áirítear rolánna inscne, toiliú, agus ról an fhianaisigh, sna ceachtanna roimhe seo a tugadh don ghrúpa 5ú bliain seo. Ceapadh an ceacht reatha mar cheacht a chuireann leis sin, a úsáideann an réamheolas agus an tuiscint a forbaraíodh i rith na sraithe sóisearaí.

Le linn an cheachta, spreagtar scoláirí chun ceangail a dhéanamh idir an fhoghlaim roimh seo agus a dtaithí féin, rud a chuireann smaointeoireacht chriticiúil agus comhbhá chun cinn.

Cuirtear béim ar thimpeallacht seomra ranga atá slán agus measúil a chruthú, áit a mbraitheann scoláirí ar a suaimhneas agus iad ag cur a dtuairimí in iúl agus ag ceistiú steiréitíopaí.

Ar an iomlán, tacaíonn an ceacht le forbairt mhothúchánach agus shóisialta scoláirí agus neartaítear na torthaí foghlama atá ina chuid den churaclam OSPS san am céanna.



# Forléargas ar an gceacht

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú



# Múnlú ceachta: Forléargas

**Ceannteideal ceachta:** Inscne agus an ról cumhachta.
**An Comhthéacs:** Rang 5ú bliain ina bhfuil cumas measctha.
**Torthaí Foghlama:**

**2.2** machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a dhearcthaí, a chreidimh, a luachanna agus a aitheantas agus na cinn atá ag daoine eile, tionchar a imirt ar dhinimic theaghlaigh, chairdis agus caidrimh rómánsúla

**2.4** scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú.

**CFL2 Cúram Pearsanta**
**R:** samplaí/cásanna ina gcaitear go míchothrom le daoine nó ina n-eisítear daoine a aithint agus freagairtí fóinteacha a shainaithint

# Treoir breise a bhaineann le toradh foghlam



NCCA

# OSPS na Sraithe Sinsearaí

## Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

| | |
|---|---|
| Toradh Foghlama 2.4 | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbuanaítear dearcthaí dochracha faoi chúrsaí inscne sna meáin, ar líne agus sa tsochaí agus plé a dhéanamh ar straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na dearcthaí agus na hinsintí dochracha seo agus iad a athrú. |
| Réamhfhoghlaim: | Roimh an topaic seo a phlé, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach torthaí foghlama 1.4, 1.5, 3.6 de OSPS na Sraithe Sóisearaí a athbhreithniú. Is gá freisin don scoláire bheith dulta i ngleic le torthaí foghlama gaolmhara OSPS na Sraithe Sinsearaí, go háirithe foghlaim faoi chaidrimh shláintiúla (2.1, 2.2 agus 2.3) |

### Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

I dToradh Foghlama 2.4, iarrtar ar an scoláire scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoirmítear dearcthaí sóisialta i ndáil le hinscne agus a bhreith cé na dearcthaí atá díobhálach agus is gá a athrú. Ciallaíonn inscne na róil, na freagrachtaí, na saintréithe, na hiompair, na gníomhartha agus na buanna a mheasann sochaí ar leith atá feiliúnach do mhná agus d'fhir. Cruthaitear inscne go sóisialta agus go cultúrtha, mar sin, tá difríochtaí móra idir tuiscintí ar inscne thar chomhthéacsanna agus thar thréimhse ama.

Sa rang Staire nó Polaitíochta agus na Sochaí, b'fhéidir go mbeadh roinnt de na struchtúir agus institiúidí á scrúdú ag an scoláire a chruthaigh agus a chothaigh neamhionannais inscne sa stair, cosúil le hoideachas, an t ionad oibre, cúirteanna. D'ainneoin dul chun cinn i gcomhionannas inscne in Éirinn le blianta beaga anuas, tá go leor eispéireas de neamhionannas inscne ann go fóill. Sa toradh foghlama seo, dírítear san fhoghlaim ar noirm, ionchais agus dearcthaí inscne atá ann inniu a scrúdú, agus iarraidh cé na gnéithe atá cabhrach, cé na gnéithe atá teorantach nó díobhálach agus céard is gá a athrú.

Cé go bhfaigheann mná ar fud an domhain eispéiris go díréireach ar iarmhairtí diúltacha na norm inscne sriantach agus díobhálach, ba cheart go ndíreofaí sa phlé freisin ar scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil roinnt norm inscne díobhálach d'fhir freisin. Mar shampla, léiríodh go ndearna ionchais nár cheart d'fhir mothúcháin a thaispeáint díobháil do mheabhairshláinte fear. Anuas ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inscne a bhíonn roimh mhná agus fhir, ba cheart na saincheisteanna uathúla atá roimh mhionlaigh inscne cosúil le daoine trasinscneacha agus neamh-dhénártha a áireamh sa phlé seo.

Is é an sprioc leis an toradh foghlama seo daoine óga a chumasú chun an chaoi ar féidir le léirithe fireannachta agus banúlachta a theorannú cur isteach ar shaol daoine óga uile agus neamhionannais inscne a bhuanú.

### Cuir chuige atá le meas i gcás ina bhfuiltear ag teagasc faoi inscne:

- D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tosú trí mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le comhionannas inscne agus samplaí de dhearcthaí inscne dearfacha agus leathana inniu roimh phlé a dhéanamh ar an méid atá le baint amach fós.
- Tá sé tábhachtach daoine óga a chur i ngleic le fianaise agus taighde maidir le róil, ionchais agus dearcthaí inscne, agus an tionchar a bhíonn acu, chun tábhacht na ceiste a chur in iúl, roimh réitigh a fhiosrú. (Féach rannóg acmhainní OSPS d'uirlisí úsáide CNCM chun naisc chuig an taighde a fháil)
- Mínigh coincheap an trasnachais agus spreag daoine óga chun lionsa trasnachais a ghlacadh trí iarraidh orthu féin conas a bhíonn eispéiris daoine éagsúil le haitheantais éagsúla fhorluiteacha m.sh., eitneachtaí, cumais, cúlraí eacnamaíocha, claontaí gnéis éagsúla.

1

# Múnlú ceachta: Forléargas

## Naisc le Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí

**3.3** Comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint

**1.5** Machnamh a dhéanamh ar chothroime inscne agus an tionchar a imríonn steiréitíopaí inscne ar céard a bhítear ag súil, ar iompraíocht agus ar chaidrimh

**CFL2SS Cúram Pearsanta**
**3.34** an difríocht idir bealaí cuí agus míchuí chun mothúcháin a chur in iúl a aithint




Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Intreoir: Intinní Foghlama

An tslí a n-imríonn tuairimí, creidimh, agus luachanna i dtaobh inscne tionchar ar ár gcaidrimh a aithint.

Aithin conas is féidir le dearcais díobhálacha sa tsochaí cur le cáineadh ar íospartaigh agus conas na dearcais seo a chur in aghaidh

Oide

# Intreoir: Have a Word (Labhair go beo)




2 nóiméad

(The Office of the Mayor of London, 2023)

# Forbairt foghlama:
# A bheith de phribhléid is de chumhacht








Youth Work Ireland, Stand UPP, Speak Out, 2022.

20 nóiméad


# Forbairt foghlama:
# A bheith de phribhléid is de chumhacht


- An éisteann daoine leat?
- An bhfuil meas ort i do phobal áitiúil?
- An bhfuil tú in ann do bhillí a íoc in am i gcónaí?
- An mbeadh sé furasta agat post a fháil?
- An mbraitheann tú sábháilte san áit ina bhfuil tú i do chónaí?
- An féidir leat dul go dtí na Gardaí agus gan an imní a bheith ort a bheith i mbaol do ghabhála nó i mbaol foréigin?
- An bhféadfá do pháirtí a fhágáil má dhéanann sé/sí bagairt ar do shábháilteacht?
- An bhféadfá siúl síos an tsráid istoíche agus gan imní d'éignithe a bheith ort?






# Forbairt foghlama:
# Áiteanna níos ionchuimsithí ar mhaithe linn féin a chruthú




25 nóiméad

# orbairt foghlama: An milleán á chur ar íobartaigh a thint agus freagra a thabhairt air

Oide




(Blue Seat Studios, 2016)

Ar fhéachaint ar an bhfíseán duit, liostaigh ar leathanach 13 roinnt de na slite a cuirtear milleán dá bhás féin ar James

2 nóiméad 30 soicind




# orbairt foghlama:  An milleán á chur ar íobartaigh
# aithint agus freagra a thabhairt air

Oide

| Cúiseanna a dúnmharaíodh James | Ráitis Fhrithráiteacha |
|---|---|
| Bhí geansaí v-mhuiníl á chaitheamh aige | Is cuma an rud a chaitheann tú |
| | |
| | |
| | |
| | |

7 nóiméad

# Anailísiú ar an gCeacht

| Intreoir: Have a Word (Labhair go beo) | Forbairt foghlama: A bheith de phribhléid is de chumhacht agat | Forbairt foghlama: Áiteanna níos ionchuimsithí ar mhaithe linn féin a chruthú | Forbairt foghlama: Tá James básaithe. |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |


15 nóiméad

# Machnamh

- **Cad** atá foghlamtha agat?

- **Nach cuma**, cad é an tábhacht atá leis?

- **Más ea**, cad iad na hathruithe a gcuirfidh tú i bhfeidhm dá bharr?



# Lón





60 nóiméad

Oide

# Spreagthóir

## Cén ceann thú inniu?



Oide

# Seisiún 6

## Cuir chuige maidir le hathmhachnamh agus le léiriú foghlama



cc BY NC

Oide

# I gcaitheamh lá a dó den EFG seo:

déan fiosrú agus déan pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

beidh rannpháirtithe ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta

beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

# Fócas an tseisiúin seo

Beidh eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

- Athmhachnamh i gcás OSPS/OCG
- Pleanáil le haghaidh measúnú
- An plean ceachta a roinnt

# Comharthaí sóirt i gcomhair múnlú ceachta

An ceacht a léiriú





An ceacht a éascú

# Pleanáil: forbairt ceachtanna

Líon an chuid d en plean ceachta a bhaineann le forbairt foghlama. Coiméad an méid seo a leanas san áireamh:

An oireann sé d’fhoghlaimeoirí éagsúla?

An bhfuil baint aige le taithí saoil daoine óga?

Cad iad na ceisteanna a iarrfaidh tú chun smaointeoireacht chriticiúil comhbhá a mhúscailt i scoláirí?

An bhfuil sé aois oiriúnach agus oiriúnach dá gcéim forbartha?


Gnéithe de Cheacht Éifeachtach

15 nóiméad

Oide

# Machnamh

Díríonn an ghné thrasghearrtha seo ar an scoláire ag déanamh machnamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus ag teacht ar a léargas agus a chonclúidí pearsanta féin mar fhreagairt ar a fhoghlaim. Cuireann sí ar chumas an scoláire cuimhneamh ar an gcaoi ar féidir leis an bhfoghlaim eolas a chur ar fáil dá chuid roghanna, iompair agus caidreamh, agus ag déanamh amach cén bhaint atá ag an bhfoghlaim lena shaol anois agus amach anseo.
*Sonraíocht OSPS na sraithe sóisearaí lch12*



Conas a áirítear deiseanna athmhachnaimh i do cheacht OSPS faoi láthair?

# Tacaí Athmhacnaimh don OSPS






## Tacaí Athmhachnaimh don OSPS

**3-2-1**
3 rud a d'fhoghlaim tú
2 dhá a bhí suimiúil
1 cheist atá agat

**Achoimrí A-B-C**
Tugtar litir ar leith den aibítir do gach scoláire sa rang, agus is gá dóibh focal a roghnú a bhfuil an litir sin mar thús aige agus a bhaineann leis an topaic atá á plé.

**Athmhachnamh i gCiorcal**
Téann na scoláirí isteach i gciorcal sa seomra agus comhroinneann gach duine aon léargas nó rud a d'fhoghlaim siad ón cheacht.

**NNC**
**Naisc:** Cad é mar a bhaineann an ceacht le réamheolas, le hábhar eile nó leis an saol mar atá?
**Foghlaim nua:** Rud éigin nua a d'fhoghlaim nó a thuig siad níos fearr.
**Ceisteanna:** Cad é an rud a bhfuil siad go fóill in amhras faoi nó ba mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim faoi?

**Ticéad Imeachta**
Freagraíonn na scoláirí do leid amhail "Rud amháin a d'fhoghlaim mé inniu ná..." nó "Ceist amháin atá agam go fóill ná..." agus cuireann siad é ar an mballa nó i mbosca agus iad ag imeacht ón seomra.

**Scáthán, Micreascóp agus Déshúiligh**
Sraith ceisteanna atá sa ghníomhaíocht seo a chuidíonn le scoláirí amharc orthu féin (scáthán), an t-eispéireas (micreascóp), agus an mórphictiúr (na déshúiligh). Is féidir na ceisteanna a phlé ós ard nó scríofa ar dtús go bpléitear iad ina dhiaidh sin.

**An Modh CALC**
Is creatlach struchtúrtha é sin don fhoghlaim ó thaithí a threoraíonn scoláirí trí phróiseas ceithre chéime: Cuspóireach, Athmhachnamhach, Léirmhínitheach agus Cinniúnach.
Cuirtear tús leis trí fhírici a bhailiú **(Cuspóireach)**, leantar ar aghaidh chuig mothúcháin phearsanta agus freagairtí **(Athmhachnamhach)**,ansin cruthaítear ciall agus tuiscint níos doimhne **(Léirmhínitheach)**, agus sa deireadh leantar ar aghaidh chuid plean gnímh **(Cinniúnach)**.

**Freagairt ar Chás**
Scríobhann nó labhraíonn scoláirí faoin dóigh a mbainfeadh siad úsáid as foghlaim an lae inniu san fhíorshaol.

**Moilligh agus Malartaigh**
Ag deireadh an ranga, iarr ar na scoláirí cúig rud a d'fhoghlaim siad a scríobh síos (2 nóiméad)
Ansin, iarr orthu páirtí a aimsiú sa seomra. Tosaíonn scoláire amháin ar dhá nóiméad cainte maidir lena d'fhoghlaim siad sa cheacht. Agus an dá nóiméad istigh, scairt amach MOILLIGH/MALARTAIGH.
Anois bíonn an scoláire eile ag caint ar feadh dhá nóiméad ach gan cead acu aon rud a dúirt an chéad scoláire a athrá

**Scéalchlár**
Ag deireadh an cheachta, iarr ar scoláirí léiriú físiúil maidir leis an mhéid a bhí ar eolas acu faoin topaic roimh ré nó faoi cheist riachtanach a chruthú.
Ní mór dóibh daoine cipíneacha, pictiúir, siombailí nó amharcíomhánna eile a úsáid chun boscaí an scéalchláir a líonadh agus iad a eagrú in ord atá loighciúil agus oiriúnach.

**Foinsí Abairtí**
Cuidíonn Foinsí Abairtí le scoláirí maidir le hathmhachnamh.
Feidhmíonn siad mar thús abairte do na scoláirí.
Tugtar foinsí abairtí do na scoláirí ag tús an ranga. Scríobhann na scoláirí iad agus coinníonn siad iad go deireadh an ranga.
Sampla: "Inniu, tá súil agam..."
nó "Tá mé iontach imníoch faoi..."
Is féidir le scoláirí dul ar ais chuig na foinsí ag deireadh an ranga chun iad a fhorbairt a thuilleadh.

**Cas chun Caint**
Míníonn scoláirí na príomhrudaí a d'fhoghlaim siad sa cheacht do pháirtí ina bhfocail féin.

**Córas Soilse Tráchta**
**Glas:** Anois mothaím níos muiníní faoi...
**Buí:** Tá tuilleadh eolais de dhíth orm maidir le...
**Dearg:** Níl mé cinnte faoi...

**Líne Luachála**
Déanann scoláirí luacháil ar cé chomh láidir is a aontaíonn siad le ráiteas a bhaineann leis an gceacht agus déanann siad machnamh gairid ar an rogha.

**Cad é?**
**Agus cad é...?**
**Cad é anois?**
Éascaíonn an próiseas seo anailís chriticiúil de chás nó d'eispéireas ar leith. Tugann sé seans don scoláire tuiscint a bheith acu agus na céimeanna tosaigh a ghlacadh chun plean gnímh a fhorbairt chun tabhairt faoin fhadhb.

BY NC

Tá deiseanna ilchineálacha i gcomhair athmhachnamh i seomraí ranga OSPS. Ceapadh an doiciméad seo ar son athmhachnamh sa seomra ranga OSPS. Ní liosta iomlán é sin

CNCM, Scolairí ag machnamh ar a gcuid foghlama 2015

# CALC: an modh foghlaim ó thaithí

1. Cad iad na príomh thopaicí a phléamar sa cheacht seo?

2. Cad iad na fíricí is tábhachtaí?

3. Cad a chuir iontas ort?

4. Cad a d'ardaigh ceisteanna faoi do chuid smaointeoireachta?

5. Cad iad na himpleachtaí [i gcomhair an ranga / an duine]?

6. Cad iad na fíricí is tábhachtaí?

7. Cad é an chéad chéim eile?

8. Cathain a rachaidh tú i mbun oibre air?

# Léiriú foghlama
# Measúnú: príomhthasc

Oide

Chruthaigh mé cur i láthair gearr inar léirigh mé an chaoi a mbíonn dearcthaí dearfacha agus dochracha maidir le hinscne le feiceáil sna meáin.

Snáithe 2 - *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna*

# Léiriú foghlama
# Measúnú: teanga a chuireann an milleán ar íospartaigh

Oide




**Samplaí**

Ainmnithe: Fear a cúisíodh as éigniú ~~a bhuail duine san aghaidh i gclub oíche~~) agus as ionsaí mná

Gabhadh fear ar 21 chúis tar éis an ~~tóin a thitim as coinne~~ a cuireadh ina leith gur éignigh, ghread, thacht, agus robáil sé bean.

# Léiriú foghlama
# Measúnú: Feachtas #FixedIt

Oide

## #FixedIt

Re write the headline to eliminate any victim-blaming language

**"WOMAN WHO 'GRABBED GARDA'S CROTCH' AFTER SHE WAS ARRESTED FOR DRINK DRIVING FINE"**

| | |
|---|---|
| WHO IS BEING BLAMED?<br><br>WHAT WORDS/PHRASES INDICATE BLAME? | RE WRITE THE HEADLINE: |

**"'BRILLIANT ACADEMIC' JAILED FOR MORE THAN FIVE YEARS FOR RAPE"**

| | |
|---|---|
| WHO IS BEING BLAMED?<br><br>WHAT WORDS/PHRASES INDICATE BLAME? | RE WRITE THE HEADLINE: |

Oibrígí i ngrúpaí agus athscríobh na ceannlínte ar leathanach 18 le teanga a chuireann an milleán ar íobartaigh a bhaint agus iad a réiteach.

5 nóiméad

# Measúnú í OSPS

## Sonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí

" A chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire."

"I measúnú OSPS na sraithe sóisearaí, déanfar optamú ar an deis a bheidh ag an scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina gcuid foghlama féin, agus beidh an deis ag múinteoirí tacú leis sin."

Sonraíocht OSPS na sraithe sinsearaí 2023 lch.18







## Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí

"Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint."


"tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil."


Sonraíocht OSPS na sraithe sinsearaí 2024 lch.17

# Anailísiú ar an gCeacht

| Machnamh: An modh CALC | Léiriú foghlama: Príomhthasc | Léiriú foghlama: #FixedIt |
|---|---|---|




10 nóiméad

# Pleanáil: cur le do plean ceachta

Obair ar do phlean ceachta arís agus cuir gníomhaíocht athmhachnaimh leis mar aon le straitéis mheasúnaithe a thacóidh le foghlaim scoláirí.



10 nóiméad

# Ag roinnt do cheachta



Roghnaígí rannpháirtí ó bhur ngrúpa chun an ceacht a roinnt

1. Intreoir
2. Forbairt foghlama
   - Eispéireasach agus ilmhódach sa dearaíocht
3. Machnamh
4. Léiriú foghlama
   - Measúnú

20 nóiméad

# Modheolaíocht agus straitéisí

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhoibriú | Smaoinigh-Péireáil-Roinn | Roithleán Ró | Siúlóid dánlainne |
| Pleanáil | An cur chuige forbraíochta | Struchtúr na ceachta | Céad céimeanna eile |
| Spreagthóir agus straitéisí clabhsúir | Machnamh treoraithe | Machnamh treoraithe | 3,2,1 |
| Spás Cróga | Ceisteanna Sócratacha | Ag freagairt do cheisteanna scoláirí | Zón múscailte barrmhaitheasa |

# Le linn lá dó:

rinneamar fiosrú agus pleanáil ar son intreoirí na gceachtanna

bhíomar ag plé go gníomhach le hintreoir agus forbairt cheachta

bhí eispéireas ag rannpháirtithe ar athmhachnamh foghlama agus léiriú foghlama

# Na chéad chéimeanna eile

Conas a chuirfidh tú i bhfeidhm a bhfuil foghlamtha agat:

- chun eolas a dhéanamh do do mhúinteoireacht phearsanta?
- chun eolas a dhéanamh do do chleachtas rannóige OSPS?
- chun eolas a dhéanamh do do chleachtas scoile uile OSPS/OCG?



Oide

# Go raibh maith agaibh